Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2024

Irish

Assessment Unit A2 3

assessing

Extended Writing

AIR31

[AIR31]

WEDNESDAY 19 JUNE, AFTERNOON

TIME

1 hour.

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number on the Answer Booklet provided.
Write your answers in the Answer Booklet provided.
Answer **one** question only from the options provided.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 75.
The use of a dictionary is **not** permitted.

Additional Materials Required:
None

BLANK PAGE

Freagair *as Gaeilge* ceist amháin as na roghanna thíos.

Mac Labhraí: *Anam na Teanga*

1 **(a)** Scríobh léirmheas ar an ghearrscéal *Athair* le Micheál Ó Conghaile.

nó

(b) Scríobh aiste a léireoidh do bharúil ar an charachtar Marcas Beag (athair Nóra) sa ghearrscéal *Nóra Mharcais Bhig* le Pádraic Ó Conaire.

Ó Tuairisc: *Lá Fhéile Míchíl*

2 **(a)** Scríobh aiste ar ról na heaglaise sa dráma *Lá Fhéile Míchíl*.

nó

(b) Scríobh aiste ar an ról a imríonn Murtach sa dráma *Lá Fhéile Míchíl*.

3 Filíocht

Ó Direáin

(a) Scríobh aiste a léireoidh do bharúil ar na téamaí is coitianta i bhfilíocht Mháirtín Uí Dhireáin.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** dhán ar a laghad.

nó

Ó Searcaigh

(b) Scríobh anailís liteartha ar an dán *An Tobar* le Cathal Ó Searcaigh.

An Tobar

"Cuirfidh sé brí ionat agus beatha,"
arsa sean-Bhríd, faghairt ina súile
ag tabhairt babhla fíoruisce chugam
as an tobar is glaine i nGleann an Átha.
Tobar a coinníodh go slachtmhar
ó ghlúin go glúin, oidhreacht
luachmhar an teaghlaigh
cuachta istigh i gclúid foscaidh,
claí cosanta ina thimpeall
leac chumhdaigh ar a bhéal.

Agus mé ag teacht i méadaíocht
anseo i dtús na seascaidí
ní raibh teach sa chomharsanacht
gan a mhacasamhail de thobar,
óir cúis mhaíte ag achan duine
an t-am adaí a fholláine is a fhionnuaire
a choinníodh sé tobar a mhuintire:
ní ligfí sceo air ná smál
is dá mbeadh rian na ruamheirge
le feiceáil ann, le buicéad stáin
dhéanfaí é a thaoscadh ar an bhall
is gach ráithe lena choinneáil folláin
chumhraítí é le haol áithe.

Uisce beo bíogúil, fíoruisce glé
a d'fhoinsigh i dtobar ár dteaghlaigh.
I gcannaí agus i gcrúiscíní
thóg siad é lá i ndiaidh lae
agus nuair a bhíodh íota tarta orthu
i mbrothall an tsamhraidh
thugadh fliuchadh agus fuarú daofa
i bpáirceanna agus i bportaigh.
Deoch íce a bhí ann fosta
a chuir ag preabadaigh iad le haoibhneas
agus mar uisce ionnalta
d'fhreastail ar a gcás ó bhreith go bás.

Ach le fada tá uisce reatha
ag fiaradh chugainn isteach
ó chnoic i bhfad uainn
is i ngach cisteanach
ar dhá thaobh an ghleanna
scairdeann uisce as sconna
uisce lom gan loinnir
a bhfuil blas searbh súlaigh air
is i measc mo dhaoine
tá tobar an fhíoruisce ag dul i ndíchuimhne.

"Is doiligh tobar a aimsiú faoi láthair,"
arsa Bríd, ag líonadh an bhabhla athuair.
"Tá siad folaithe i bhfeaghacha agus i bhféar,
tachtaithe ag caileannógach agus cuiscreach
ach in ainneoin na neamhairde go léir
níor chaill siad a dhath den tseanmhianach.
Aimsigh do thobar féin, a chroí,
óir tá am an anáis romhainn amach.
Caithfear pilleadh arís ar na foinsí."

Foinse: Homecoming / An Bealach 'na Bhaile by Cathal Ó Searcaigh.
(ISBN: 978-1874700555) 01 February 1993 © Clo Iar-Chonnacht Teo

THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

14300/1